



RSA



# OILIÚINT RIACHTANACH DO THIOMÁNAITHE (ORT)

(ORT) Leabhrán Eolais do Thiománaithe faoi Oiliúint

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre  
Road Safety Authority



# Oiliúint Riachtanach Do Thiománaithe

## Cad is tiománaí inniúil ann?

Tá tiománaí inniúil in ann tiomáint le cúram agus tá an t-eolas, na scileanna agus an dearcadh aige/aici chun déileáil le guaiseacha go sábháilte. Chun a bheith i do t(h)iománaí inniúil ba chóir duit:

- scileanna breathnóireachta maithe a bheith agat,
- a bheith tuiscianach le húsáideoirí bóthair eile an bóthar a roinnt go sábháilte leo,
- féin-rialú a fheidhmiú agus do bhreithiúnas féin a úsáid chun do shábháilteacht a chinntiú, sábháilteacht do phaisinéirí agus sábháilteacht úsáideoirí bóthair eile,
- tuiscint a bheith agat ar na hiarmhairtí a bhaineann le roghanna idir tiomáint sábháilte agus rioscúil,
- gan dul sa seans ar an mbóthar go deo nó tiomáint go hionsaitheach.

## Conas a bheith i do thiománaí inniúil

Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus eagraíochtaí um shábháilteacht ar bhóithre ar fud an domhain iarracht a fháil amach cad a dhéanann daoine ina dtiománaithe

inniúla agus sábháilte. Tá sé soiléir go bhfuil an dóigh a fhoghlaimíonn tú conas tiomáint rithábachtach. Tá a fhios againn go mbíonn foghlaimeoirí ina dtiománaithe níos fearr agus níos sábháilte nuair a bhíonn a gcuid oiliúint struchtúrtha agus pleanáilte.

Mar sin, chun cabhrú leat a bheith i do thiománaí níos sábháilte, chruthaíomar cúrsa Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) 12 uair an chloig. Má tá do cheadúnas foghlaimeora céad chatagóir B (cód 991 i gcolún marcáilte srianta/eolas) dátaithe ar nó tar éis 4 Aibreán 2011 (féach colún ó/from ar an gceadúnas), ní mór duit an cúrsa ORT a dhéanamh. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar chatagóirí ceadúnais ó [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie)

Sula n-insimid níos mó duit faoi ORT, seo treoir maidir le cuid de na téarmaí a úsáidimid sa leabhrán seo agus conas a bhaineann siad leis an gcúrsa ORT.

## Ceadúnas foghlaimeora

Ceadaíonn ceadúnas foghlaimeora duit tiomáint, le roinnt srianta, ionas gur féidir leat an cleachtadh a theastaíonn uait le bheith i do thiománaí sábháilte inniúil a fháil sula ndéanann tú





do scrúdú tiomána. Ní mór duit tiomáint le tiománaí a bhfuil taithí aige/aici sa charr amháin. Feidhmíonn an tiománaí seo mar Urraitheoir agat.

Níl cead agat tástáil tiomána a dhéanamh ar feadh sé mhí tar éis an dáta sa cholún ó/ from ar do cheadúnas. Tugann sé seo deis duit an cúrsa ORT a dhéanamh, cleachtadh a dhéanamh agus taithí tiomána a fháil. Léiríonn taighde dá fhad a ndéantar maoirsiú ar fhoghlaiméir é/í ag tiomáint is ea is lú an seans go mbeidh timpiste acu. Faoi láthair maireann ceadúnas foghlaiméora ar feadh dhá bhliain don chéad agus don dara ceadúnas agus maireann an tríú ceann nó níos mó ar feadh bliana. Bíodh do cheadúnas foghlaiméora leat i gcónaí agus tú ag tiomáint.

## Urraitheoir

Déanann d'Urraitheoir maoirseacht ar do chleachtadh tiomána idir cheachtanna. Chun an méid is fearr agus is féidir a fháil ó do cheachtanna tiomána, ní mór duit cleachtadh, cleachtadh agus tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh agus is é an duine is fearr chun é seo a dhéanamh leat ná d'Urraitheoir. Is ról freagrach é seo agus mar sin ba chóir duit duine éigin lena bhfuil tú compordach a roghnú.

D'fhéadfadh an duine seo a bheith ina b(h)all teaghlaigh, ina t(h)uismitheoir, ina haintín nó ina uncail agat. Ní mór do d'Urraitheoir a bheith in ann an t-am agus an iarracht a thabhairt duit cuidiú leat foghlaim, gan íocaíocht. Ní mór d'Urraitheoirí ceadúnas tiomána gluaisteáin iomlán a bheith acu ar feadh dhá bhliain ar a laghad, ach níos tábhachtaí fós, ba chóir go mbeadh go leor taithí tiomána aige/aici gur féidir leat tairbhe a bhaint as.

Ba chóir do d'Urraitheoir:

- obair an Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) a thuiscint agus a thacú,
- na deacrachtaí atá os do chomhair agus tú ag foghlaim a thuiscint,
- fanacht socair agus foighneach faoi bhrú,
- iompar tiomána maith a léiriú iad féin,
- cé chomh tábhachtach agus atá a ról a mheas,
- am a thógáil chun bualadh le d'ADI chun an dul chun cinn agat a phlé.

Gheobhaidh tú na torthaí is fearr nuair a oibríonn d'ADI agus d'Urraitheoir go dlúth le chéile.

## Teagascóir Tiomána Faofa (ADI)

Ní féidir ach le teagascóirí faofa ag an ÚSB an cúrsa Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) a sheachadadh, ní féidir ach le teagascóirí faofa an Tásclabhar oifigiúil a thabhairt duit. Tá na hacmhainní oiliúna ag ADIanna chun an cúrsa a sheachadadh. Déanaimid monatóireacht ar obair gach ADI ionas gur féidir leat foghlaim le muintín. Chun ADI a fháil i do cheantar, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) agus lean an nasc 'Faigh Teagascóir'.

Coimeádfaidh d'ADI ar an eolas thú faoin dul chun cinn agat nuair a chuireann tú le d'eolas agus do scileanna le linn an chúrsa. Más rud é, ar chúis ar bith, nach bhfuil tú sásta le d'oiliúint nó má tá imní ort faoin dul chun cinn agat, labhair le d'ADI ar dtús le do thoil. Is é is dóichí go mbeidh siad in ann aon fhadhb atá agat a réiteach. Is féidir leat ADIanna a athrú i



rith an chúrsa, ach déan cinnte go sínódh d'ADI ar gach ceacht atá críochnaithe agat sula ndéanann tú athrú ar bith. Má tá fadhb ar bith agat nó má theastaíonn níos mó eolais uait, téigh i dteagmháil lenár Aonad Teagasc Tiomána Faofa ar 1890 50 60 80 nó sheol ríomhphost chuig [adi@rsa.ie](mailto:adi@rsa.ie).

## Tásacleabhar



Ag do chéad cheacht, tabharfaidh d'ADI Tásacleabhar pearsanta duit a chaithfidh tú a choinneáil, fiú má athraíonn tú ADLanna. Leagann do Thásacleabhar amach an plean ceachta do gach ceacht den chúrsa Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT). De réir mar a chríochnaíonn tú ceacht, taifeadfaidh d'ADI an dul chun cinn agat i do Thásacleabhar agus síneoidh sé/sí é.

Tabhair aire do do Thásacleabhar - coimeád sábháilte é agus tabhair leat é go dtí gach ceacht ionas gur féidir le d'ADI a thabhairt suas chun dáta. Tá an fhreagracht ort a chinntiú go nuashonraítear do Thásacleabhar tar éis gach ceacht. Má athraíonn tú go hADI eile, ní féidir leo ach a (h)ainm a chur leis na ceachtanna a chríochnaíonn tú leo agus na ceachtanna sin amháin.

Is féidir le d'Urraitheoir do Thásacleabhar a sheiceáil le haghaidh aiseolais. Cuideoidh

sé leis/léi do chleachtadh tiomána a threorú agus tú a ullmhú le haghaidh ceachtanna níos déanaí. Ba chóir duit do Thásacleabhar a choimeád fiú tar éis duit d'oiliúint a chríochnú, de bharr gur féidir iarraidh air ar lá do thástáil tiomána.

Anois agus níos mó cur amach agat ar cuid de na téarmaí a úsáidimid, féachaimís ar céard is ORT ann agus céard a bhaineann leis duit.

## Céard is ORT ann?

Ciallaíonn ORT Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe, cúrsa do thiománaithe faoi oiliúint le ceadúnais d'fheithiclí catagóra B, cosúil le carranna agus veaineanna eadroma. Cabhróidh ORT leat roinnt de na scileanna tiomána is rithábhachtaí a fhoghlaim chomh maith le feabhas a chur ar d'eolas agus do thuiscint ar shábháilteacht ar bhóithre.

Tá forbairt déanta againn ar an gcúrsa seo ón siollabas Oiliúint do Thiománaithe faoi Oiliúint (OTO), a chlúdaíonn gach ceann de na scileanna agus na hiompair a theastaíonn ó thiománaí inniúil. Le linn d'oiliúna, déanfaidh d'ADI tagairt don siollabas seo. Is féidir leat féachaint air, am ar bith ag [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Tá 12 cheacht a mhaireann uair an chloig an cheann sa chúrsa. Tá an siollabas do gach ceann de na ceachtanna in Aguisín A sa leabhrán seo agus míníonn sé cad ba cheart duit a bheith ag súil le ó gach ceacht. Caithfidh tú na ceachtanna a dhéanamh san ord a leagtar amach iad ach faoin am a shroicheann tú Ceacht 9, is féidir leat agus le d'ADI cinneadh a dhéanamh maidir le hord na gceachtanna 9-12 de bharr gur chóir go mbeadh dóthain taithí agat. Taifeadfaidh d'ADI gach ceacht i do Thásacleabhar.



Tá sraith thorthaí ionchais ach gach ceacht – déanann siad seo cur síos ar na rudaí gur ceart a bheith ar do chumas a dhéanamh ag deireadh an cheachta. Roghnóidh d'ADI bealaí a cheadóidh duit na scileanna atá clúdaithe sa cheacht a úsáid. Ag deireadh gach ceachta, inseoidh d'ADI duit cad iad na scileanna ba cheart duit a chleachtadh le d'Urraitheoir. Ní mór duit do pháirt a ghlacadh agus ullmhúchán a dhéanamh don chéad cheacht eile.

Cuimhnigh - ní leor an cúrsa ORT amháin chun tiománaí inniúil a dhéanamh asat. Beidh ort cleachtadh a dhéanamh chomh minic agus is féidir le d'Urraitheoir, ag baint úsáide as na scileanna atá foghlamtha agat in aon gceacht amháin chun ullmhúchán a dhéanamh don chéad cheacht eile. Chun an méid is fearr a fháil ó d'oiliúint, ba chóir duit do cheachtanna a scaipeadh thar sé mhí agus dhá sheachtain ar a laghad a fhágáil idir gach ceacht le haghaidh cleachtaidh. Cuirfidh d'ADI agus d'Urraitheoir comhairle ort maidir le teagasc agus tacaíocht eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait agus tú ag foghlaim conas tomáint.

## Cén fáth a dteastaíonn ORT uaim?

Taispeánann staidéir go bhfuil tiománaithe óga gan taithí níos dóchúlú bás a fháil nó iad féin a ghortú go dona i dtimpiste agus mar sin tá sé tábhachtach an taithí a theastaíonn uait a fháil le linn d'oiliúna. Tá cur chuige bunaithe ar riosca úsáidte againn chun forbairt a dhéanamh ar an gcúrsa ORT. Ciallaíonn sé seo go ndíríonn sé ar na scileanna, an tuiscint agus an iompair a theastóidh uait chun déileáil leis na guaiseacha a bheidh os do chomhair agus tú ag tiomáint a fhoghlaim. Tá a fhios againn go ndéanfaidh sé seo difríocht mhór do shábháilteacht ar bhóithre.

Ciallaíonn an cúrsa go mbeidh an oiliúint a fhaigheann tú ó d'ADI agus d'Urraitheoir comhsheasmhach, agus cabhróidh sé seo leat le bheith i do thiománaí sábháilte agus freagrach. Is é an ról atá acu ná do scileanna agus dea-iompar ar bhothaire a fhorbairt ionas go mbeidh sé mar nós ar feadh an tsaoil.


Ní mór duit an cúrsa ORT a chur díot sular féidir leat do thástáil tiomána a dhéanamh.

Ar lá do thástála, d'fhéadfadh an tástálaí iarraidh do Tháscleabhar a fheiceáil mar fhianaise.

## Ag ullmhú do do chéad cheacht

Nuair a dhéanann tú teagmháil le hADI, iarr orthu comhairle a chur ort maidir le conas ullmhú don chúrsa ORT. D'fhéadfadh siad a mholadh go ndéanfá roinnt léitheoireachta, ceachtanna nó cleachtaidh sula dtosaíonn tú ORT. Má leanann tú comhairle d'ADI agus má chleachtaíonn tú do thiomáint le d'Urraitheoir idir do cheachtanna, ba chóir go mbeadh tú in ann na torthaí ionchais atá leagtha amach i ngach plean ceachta a bhaint amach.

Tá na leabhráin seo ina n-acmhainní maithe le haghaidh foghlama:





- Rialacha an Bhóthair
- An Lámhleabhar um Fhoghlaim Conas Tiomáint
- Táscleabhar ORT

Sula bhfreastalaíonn tú ar do chéad ceacht, déan cinnte go bhfuil gach rud a theastaíonn uait agat. Seiceálfaidh d'ADI

do cheadúnas foghlaimeora. Má sholáthraíonn tú an fheithicil do d'oiliúint, seiceálfaidh siad árachas, cáin mhótair, TNG agus ródacmhainneacht na feithicle freisin. Mura bhfuil d'ADI sásta le haon cheann daoibh seo, tá an baol ann nach leanfaidh siad ar aghaidh le do cheacht. Ní mór duit dearbhú a shíniú ag cinntiú go bhfuil ord ar na rudaí seo roimh gach ceacht.

Ag do chéad ceacht, cláróidh d'ADI thú agus tabharfaidh sé/sí do Tháscleabhar duit. Ina dhiaidh sin, leagfaidh sé/sí amach aidhmeanna an chúrsa agus rialacha ar bith maidir le rudaí cosúil le ceisteanna a chur agus sosanna a thógail.

Ag deireadh gach ceachta, síneoidh agus stampálfaidh d'ADI do Tháscleabhar chun a dhearbhu go bhfuil tú tar éis an ceacht sin a chríochnú. Tabharfaidh siad aiseolas duit freisin ar cibé an bhfuil tú tar éis torthaí an cheachta a chomhlíonadh. Cuirfidh siad comhairle ort ar cad a theastaíonn uait a chleachtadh agus conas a ullmhú don chéad cheacht eile.

## Cén áit is féidir liom mo tiomáint a chleachtadh?

Le ceadúnas foghlaimeora, is féidir leat tiomáint ar an gcuid is mó de bhóithre i bPoblacht na hÉireann ach ní cheadaítear duit ar mhótarbhealach. Ní mór d'ADI nó d'Urraitheoir a bheith in éineacht leat i gcónaí. Ba chóir do d'Urraitheoir áit chleachtaidh a roghnú atá oiriúnach do

do chumas tiomána i gcónaí. Is féidir leo iarraidh ar d'ADI le haghaidh moltaí. Ná déan cleachtadh i dtrácht trom nó tapa go dtí go bhfuil tú muiníneach go leor luas an tráchta a leanúint.

## Cad a tharlaíonn nuair a chríochnaím ORT?

Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil tú críochnaithe le do chuid foghlama - ciallaíonn sé go bhfuil na scileanna agat chun leanúint le do chuid foghlama. Cabhróidh cleachtadh sábháilte den mhéid a bhfuil foghlamtha agat le linn an chúrsa leat chun na scileanna a fhorbairt chun a bheith i do thiománaí sábháilte agus inniúil. Ba chóir duit iad seo a cleachtadh gach uair a thiomáineann tú le d'Urraitheoir. Déan iarracht an méid is mó de chleachtadh agus is féidir cleachtaidh a fháil ar chineálacha bóithre éagsúla agus i gcoinníollacha tráchta éagsúla.

Chun ullmhú do do thástáil tiomána, coinnigh dearcadh foghlama agus tú ag cleachtadh.

Is féidir leat tabhairt faoi níos mó oiliúna le d'ADI agus d'Urraitheoir. Is bealach maith é do scileanna tiomána agus d'fheasacht riosca a fhorbairt é meascán d'oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Pléigh na rioscaí agus conas iad a laghdú le d'ADI agus d'Urraitheoir chun cabhrú leat foghlaim níos tapúla agus níos éifeachtaí.

## Ag roinnt eolais

Tabhair faoi deara, má tá tú tar éis an Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) a chríochnú roinnfear eolas áirithe leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ionas gur féidir leis a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais ORT. Cuimseoidh sé seo d'ainm, d'uimhir tiomána agus sonraí maidir leis na ceachtanna ORT atá críochnaithe agat.



# Aguisín A

## Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe

Tá an 12 cheacht sa chlár Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) deartha chun:

- cabhrú leat ullmhú don tástáil tiomána praiticiúla;
- cuid de na scileanna is tábhachtaí agus iompair (nósanna tiomána) nach mór don tiománaí foghlaimeora a bheith aige a chlúdach;
- an dul chun cinn agat a threorú; agus
- aird a tharraingt ar an méid a thugann an Teagascóir Tiomána Faofa (ADI), agus

Urraitheoir (duine a ghabhann leat agus tú ag cleachtadh) don phróiseas seo.

Tá siollabas Oiliúint do Thiománaithe faoi Oiliúint (OTO) ar leith forbartha againn chomh maith. Leagann sé an ‘dea-chleachtas’ amach gur cóir duit féin agus d’ADI a leanúint ionas gur féidir leat réimse iomlán eolais, scileanna agus iompair a fhorbairt, a theastaíonn ó thiománaí sábhailte agus freagrach. Fad is atá tú ag foghlaim conas tiomáint ba chóir duit gach ceann de na scileanna seo a chlúdach thar ama. Ina theannta sin, díríonn an clár ORT ar na scileanna tiomána fíorthábhachtacha.

### Siollabas Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe

Ní chlúdaíonn an clár ORT an siollabas OTO go léir. Ina áit sin, díríonn sé ar na hiompair tiomána is mó a chuireann le himbhualadh agus le díobhála, mar a léiríonn taighde. Oibríonn an ORT leis an tiománaí chun feabhas a chur ar a (h)eolas, a t(h)uisicint agus a (h)iompar. Tá sé deartha chun ardriosca díobhála do thiománaithe faoi oiliúint agus úsáideoirí bóthair eile a sheachaint trí sheiceáil agus, más gá, ceartú:

- nósanna;
- dearcadh; agus
- scileanna.

Ba chóir gach ceacht a chlúdach laistigh d’uair an chloig. Ba chóir do d’ADI bealach a roghnú le haghaidh do cheachta a thugann an deis is mó duit cleachtadh agus taispeántas ábhartha a bheith agat.



Ag deireadh gach ceachta ba chóir duit a bheith tar éis ‘torthaí’ áirithe a bhaint amach. Is iad seo ráitis a bheidh mar cheachtar de na rudaí seo a leanas:

- cur síos cruinne ar d’inniúlacht ag deireadh ceachta, nó
- is féidir iad a úsáid ag d’ADI mar phointí tagartha le haghaidh chomhairle duit féin nó do d’Urraitheoir faoi na réimsí tiomána ar a dteastaíonn tuilleadh cleachtaidh uait agus na rudaí gur ceart duit díriú orthu.

## Siollabas Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe

### Déan Ceachtanna 1 - 8 in ord

Caitheadh tú Ceachtanna ORT 1 - 8 a dhéanamh san ord sin. Faoin am sin, beidh scileanna agus taithí cnuasaithe agat ionas gur féidir leat Ceachtanna 9 - 12 a dhéanamh in ord ar bith.

### Fág dhá sheachtain idir cheachtanna

Ba cheart duit dhá sheachtain ar a laghad a fhágáil idir cheachtanna chun cleachtadh agus foghlaim a cheadú. D’fhéadfadh sé go mbaineann sé seo le tuilleadh ceachtanna le hADI, ach ní mór seisiúin chleachtaidh a chuimsiú le hUrraitheoir freisin nó meascán den dá rud.

### Ábhair Thagartha

Foilsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ábhair thagartha, cosúil le Rialacha an Bhóthair agus an Lámhleabhar d’Fhoghlaimoirí Gluaisteáin, rudaí a d’fhéadfadh a bheith úsáideach duit.

### Scaip do cheachtanna thar sé mhí

Má chuireann tú cleachtadh, staidéar agus teagasc le chéile, beidh an deis is fearr agat torthaí ionchais an chlár ORT a chomhlíonadh. Is é seo an fáth go molaimid gur ceart duit sé mhí ar a laghad a thógáil chun an 12 cheacht ORT a chríochnú.



## **CEAcht 1: RIALÚCHÁIN GHluaISTEÁIN AGUS SEICEÁLACHA SÁBHÁILTEACHTA**

### **Tagairt(í) Siollabais OTO**

### **Conas ar cheart dom ullmhú le haghaidh Ceacht 1?**

Chun an méid is fearr a fháil ón gceacht seo agus na torthaí ionchais a bhaint amach, ba cheart duit a bheith eolach ar na rudaí seo a leanas:

- Rialacha an Bhóthair;
- an fheithicil ina mbeidh tú ag déanamh na ceachtanna ann agus a rialúcháin; agus
- an t-eolas maidir le hullmhú le haghaidh seiceálacha sábháilteachta.

Ba chóir cleachtadh a bheith déanta agat le d'ADI, le d'Urraitheoir, nó iad araon ar na rudaí seo a leanas:

- úsáid a bhaint as rialtáin phríomhúla na feithicle ar nós roth stiúrtha agus coscáin;
- úsáid a bhaint as na rialtáin tánaisteacha ar nós cuimleoírí gaothscátha agus soilse;
- tiomáint i gcoinníollacha ciúine agus sábháilte;
- roinnt infíocthaí bunúsacha cosúil le tosú agus stopadh.

Ba chóir duit cleachtadh ar feadh trí huair an chloig ar a laghad roimh do chéad cheacht ORT.

1.3  
1.7  
1.9  
1.10  
1.11  
2.1  
2.2  
2.3  
2.4

### **Cén cuspóir atá ag Ceacht 1?**

Le linn Ceacht 1 ba chóir do d'ADI a chinntiú:

- gur féidir leat seiceálacha iomchuí réamhthosaithe d'fheithicil, lena n-áirítear ródacmhainneacht na feithicle a sheiceáil; agus
- go dtuigeann tú rialtáin phríomhúla agus tánaisteacha na feithicle agus go bhfuil a fhios agat conas iad a úsáid i gceart.

### **Cad é an t-íosmhéid gur chóir don chéad cheacht seo a chlúdach?**

Ar a laghad, ní mór don chéad cheacht na rudaí seo a leanas a chuimsiú:





- úsáid na rialtáin phríomhúla agus tánaisteacha;
- Sábháilteacht fheithiclí; agus
- Ródacmhainneacht fheithiclí.

## Torthaí ionchais: cad gur cheart a bheith foghlamtha agam ag deireadh Cheacht 1?

### Rialtáin phríomhúla agus tánaisteacha

Ag deireadh cheacht 1, ba chóir duit a bheith eolach ar an seiceáil feithicile réamhthosaithe agus ar an áit ina bhfuil na rudaí seo a leanas chomh maith lena bhfeidhm, agus a bheith in ann a léiriú go bhfuil a fhios agat conas iad a úsáid:

- coscán coise
- coscán láimhe nó coscán páirceála
- stiúradh
- gearanna
- luasaire agus crág (más ann dó)
- cuimleoírí gaothscátha agus leicneáin
- soilse agus frithchaiteoirí
- bonnán
- dínéaltóirí tosaigh agus cúil
- fuinneoga, doirse agus glais.

Ba chóir duit a bheith in ann a mhíniú cén fáth go bhfuil a n-úsáid cheart agus chúil tábhachtach do do shábháilteacht féin agus d'úsáideoirí bóthair eile.

### Sábháilteacht Fheithicil

Ba chóir duit a bheith in ann na rudaí seo a leanas a mhíniú:

- cén seiceálacha sábháilteachta rialta ba chóir a dhéanamh ar fheithicil agus a léiriú conas iad a dhéanamh;
- na cúiseanna is mó nach féidir le feithicil a bheith ródacmhainneach;
- na hiarmhairtí sábháilteachta agus dlíthiúla a bhaineann le feithicil a thiomáint nach bhfuil ródacmhainneach; agus



- na príomhphointí le cur san áireamh agus seiceálacha sábháilteachta á dhéanamh agat;

Ba chóir duit a bheith in ann na rudaí seo a leanas a mhíniú freisin:

- an tionchar timpeallachta dearfaí a bhaineann le húsáid cheart Rialtáin phríomhúla agus tánaisteacha;
- conas turas a phleanáil; agus
- más ann dó, cén áit ina d'fhéadfadh faisnéis turais a bheith ar fáil.

## Conas ar cheart dom ullmhú le haghaidh Cheacht 2?

Chun na torthaí ionchais ó Cheacht 2 a bhaint amach ba chóir duit:

- a bheith tar éis Ceacht 1 a chríochnú.

## Tá cleachtadh ríthábhachtach

Chun a bhraith muiníneach faoi na cuspóirí foghlama a bhaint amach, ba chóir duit:

- a bheith tar éis torthaí an cheacht ionchais seo a léamh;
- a bheith tar éis dóthain cleachtadh a dhéanamh le d'ADI, d'Urraitheoir, nó iad araon, agus
- a bheith tar éis staidéar iomchuí ar bith a dhéanamh.

Go sonrach, ba chóir duit cleachtadh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as na rialtáin phríomhúla agus tánaisteacha, chomh maith le seiceálacha sábháilteachta rialta a dhéanamh.

Ba chóir na míreanna de Rialacha an Bhóthair a bheith leite agat a bhaineann le:

- ionadú ceart

Ba chóir duit a bheith tar éis gníomhú ar aon aiseolas a thug d'ADI duit ag deireadh do cheachta ORT deireanaí.



<b>CEAcht 2: IONADÚ CEART</b>	<b>Tagairt(i) Siollabais OTO</b>
<p><b>Cén cuspóir atá ag Ceaht 2?</b></p> <p>Le linn do dhara ceachta, ba chóir do d'ADI a chinntiú gur féidir leat an gluaisteán a ionadú i gceart ar an mbóthar le haghaidh na gníomhartha a bhfuil tú ar tí a dhéanamh. Cuimsíonn gníomhartha:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● tiomáint díreach;</li><li>● cúinneáil;</li><li>● cora agus acomhail a shárú;</li><li>● athrú lánaí;</li><li>● ag dul isteach agus amach ó shliosbhóithre;</li><li>● ag dul isteach agus amach ó acomhail agus timpealláin; agus</li><li>● ionadú ceart laistigh de lánaí tráchta.</li></ul>	2.6 3.4 3.5 4.6
<p><b>Cad é an t-íosmhéid gur chóir don cheacht seo a chlúdach?</b></p> <p>Ar a laghad, le linn an cheachta seo ba chóir do d'ADI thú a thógáil ag tiomáint i staideanna tráchta éadroma ionas go mbeidh dóthain deise agat d'fheithicil a ionadú:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● ar an díreach;</li><li>● i lánaí tráchta;</li><li>● ar chora ag casadh ar chlé agus ar dheis;</li><li>● timpealláin a shárú; agus</li><li>● ag druidim i dtreo agus ag teacht ó acomhal.</li></ul>	
<p><b>Cad é an t-íosmhéid gur chóir don cheacht seo a chlúdach?</b></p> <p>Ag deireadh ceaht 2, ba chóir duit a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil sé ar do chumas na rudaí seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● go ginearálta, ionadú sábháilte a choinneáil ar an mbóthar;</li><li>● achar sábháilte coscánaithe a choinneáil ó fheithiclí eile i gcónaí; agus</li><li>● úsáid spás bóthair chúig agus shábháilte atá ar fáil a thaispeáint.</li></ul>	



### **Conas ar cheart dom ullmhú le haghaidh Cheacht 3?**

Chun na torthaí ionchais ó Cheacht 3 a bhaint amach ba chóir duit:

- a bheith tar éis Ceacht 1 agus Ceacht 2 a chríochnú.

### **Tá cleachtadh ríthábhachtach**

Chun a bhraith muiníneach faoi na cuspóirí foghlama a bhaint amach, ba chóir duit:

- a bheith tar éis torthaí an cheacht ionchais seo a léamh;
- a bheith tar éis dóthain cleachtadh a dhéanamh le d'ADI, d'Urraitheoir, nó iad araon, agus
- a bheith tar éis staidéar iomchuí ar bith a dhéanamh.

Ba chóir don mhéid seo a leanas a bheith cleachta agat ar feadh trí huair an chloig ar a laghad:

- ionadú na feithicle ar an díreach;
- cúinneáil;
- cora agus acomhail a shárú;
- lánaí a athrú;
- ag dul isteach agus amach ó shliosbhóithre;
- ag dul isteach agus amach ó acomhail agus timpealláin; agus
- ionadú ceart laistigh de lánaí tráchta.

Ba chóir na míreanna de Rialacha an Bhóthair a bheith leite agat a bhaineann le:

- ionadú ceart sna cásanna seo; agus
- athrú treo agus breathnóireachtaí a dhéanamh.

Ba chóir duit a bheith tar éis gníomhú ar aon aiseolas a thug d'ADI duit ag deireadh do cheachta ORT deireanaí.



<b>CEAcht 3: AG ATHRÚ TREO</b>	<b>agairt(i) Siollabais OTO</b>
<p><b>Cén cuspóir atá ag Ceaht 3?</b></p> <p>Le linn an cheachta seo ba chóir do d'ADI a chinntiú go n-úsáideann tú teicnící breathnóireachta ríthábhachtacha i gcásanna tiomána lena mbaineann riosca íseal, mar shampla i gceantair chónaitheacha chiúine, agus ar bhóithre áitiúla agus tuaithe atá ciúin.</p>	1.6 2.6 2.7 3.2 3.3
<p><b>Cad é an t-íosmhéid gur chóir don cheacht seo a chlúdach?</b></p> <p>Le linn an cheachta, ba chóir duit tiomáint i dtrácht éadrom chun an gnáthamh SCSA (Scáthán, Comharthaigh, Scáthán, Ainliú) a chlúdach. Ba chóir duit teicnící scanta bunúsacha a chlúdach freisin nuair atá tú:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● ag casadh ar chlé agus ar dheis;</li><li>● ag casadh ag timpealláin; agus</li><li>● ag sárú acomhal.</li></ul> <p><b>Torthaí ionchais: cad gur cheart a bheith foghlamtha agam ag deireadh Ceaht 3?</b></p> <p>Ag deireadh ceaht 3, ba chóir duit a bheith in ann a thaispeáint gur féidir leat:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● scátháin a úsáid go cuí; agus</li><li>● an gnáthamh SCSA a chur i gcrích i gceart.</li></ul> <p>Ba chóir duit a bheith in ann a thaispeáint gur féidir leat na 'hamhairc shábháilteachta' cearta a dhéanamh nuair atá tú:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● ag bogadh amach;</li><li>● ag casadh;</li><li>● ag acomhail; agus</li><li>● ag sárú timpeallán.</li></ul> <p>Ba chóir duit a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil tú eolach ar na spotaí dallá agus conas iad a chíosú.</p>	



## Conas ar cheart dom ullmhú le haghaidh Cheacht 4?

Chun na torthaí ionchais ó Cheacht 4 a bhaint amach ba chóir duit:

- a bheith tar éis Ceacht 1 go dtí Ceacht 3 a chríochnú.

## Tá cleachtadh ríthábhachtach

Chun a bhraith muiníneach faoi na cuspóirí foghlama a bhaint amach, ba chóir duit:

- a bheith tar éis torthaí an cheacht ionchais seo a léamh;
- a bheith tar éis dóthain cleachtadh a dhéanamh le d'ADI, d'Urraitheoir, nó iad araon, agus
- a bheith tar éis staidéar iomchuí ar bith a dhéanamh.

Go sonrach, ba chóir go mbeadh na teicnící breathnóireachta ríthábhachtacha agus tú ag athrú treo a bheith cleachta agat ar feadh trí huair a chloig a laghad.

Ba chóir na míreanna de Rialacha an Bhóthair a bheith leite agat a bhaineann le:

- ag athrú treo agus breathnóireachtaí, agus
- bainistíocht luais.

Ba chóir duit a bheith tar éis gníomhú ar aon aiseolas a thug d'ADI duit ag deireadh do cheachta ORT deireanaí.

## CEACHT 4: BAINISTÍOCHT DUL CHUN CINN

Tagairt(i)  
Siollabais OTO

### Cén cuspóir atá ag Ceacht 4?

I rith an cheachta seo, ba chóir do d'ADI a chinntiú gur féidir leat luas d'fheithicle a rialú agus smacht a choimeád air i gcásanna tiomána lena mbaineann riosca níos ísle, mar shampla i gceantair chónaitheacha chiúine, agus ar bhóithre áitiúla agus tuaithe atá ciúin.

1.8

1.9

2.8

2.9



## Cad é an t-íosmhéid gur chóir don cheacht seo a chlúdach?

Ar a laghad ní mór do cheacht 4 na gnéithe bainistíochta luais ar bhóithre poiblí seo a leanas a chlúdach:

- luas a rialú;
- teorainneacha luais;
- faid stoptha;
- Éifeachtaí a bhaineann le dálaí bóthair agus aimsire;
- tiomáint ró-thapa.

## Torthaí ionchais: cad gur cheart a bheith foghlamtha agam ag deireadh Cheacht 4?

Ag deireadh cheacht 4, ba chóir duit a bheith in ann a thaispeáint:

- eolas ar conas luas d'fheithicle a choigeartú go cuí do luasteorainneacha agus leagan amach bóithre.

Ba chóir duit a bheith in ann míniú a thabhairt ar na héifeachtaí seo a leanas freisin:

- coinníollacha bóthair agus aimsire; agus
- ualach feithicle ar achair stoptha ag luasanna éagsúla;

Ba chóir duit a bheith in ann míniú a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tiomáint ró-thapa agus coscánú ró-deacair ar na rudaí seo a leanas:

- do shábháilteacht féin;
- sábháilteacht na bpaisinéirí;
- sábháilteacht úsáideoirí bóthair eile; agus
- an timpeallacht.

## Conas ar cheart dom ullmhú le haghaidh Cheacht 5?

Chun na torthaí ionchais ó Cheacht 5 a bhaint amach, ba chóir duit:

- a bheith tar éis Ceacht 1 go dtí Ceacht 4 a chríochnú.

## Tá cleachtadh ríthábhachtach

Chun a bhraith muineach faoi na cuspóirí foghlama a bhaint amach, ba chóir duit:

- a bheith tar éis torthaí an cheacht ionchais seo a léamh;
- a bheith tar éis dóthain cleachtadh a dhéanamh le d'ADI, d'Urraitheoir, nó iad araon, agus



<ul style="list-style-type: none"><li>• a bheith tar éis staidéar iomchuí ar bith a dhéanamh.</li></ul> <p>Go sonrach, ba chóir go mbeadh úsáid a bhaint as luas ceart i gcásanna éagsúla cleachta agat ar feadh trí huairé a chloig a laghad.</p> <p>Ba chóir na míreanna de Rialacha an Bhóthair a bheith leite agat a bhaineann le:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• bainistíocht luais; agus</li><li>• ionadú ceart.</li></ul> <p>Ba chóir duit a bheith tar éis gníomhú ar aon aiseolas a thug d'ADI duit ag deireadh do cheachta ORT deireanaí.</p>	
--	--

<b>CEACHT 5: IONADÚ CEART</b>	<b>Tagairt(i) Siollabais OTO</b>
-------------------------------	--------------------------------------

<b>Cén cuspóir atá ag Ceacht 5?</b>	2.6
